Déan glúin daoine a spreagadh


Na Cluichí Parailimpeacha
29 Lúnasa – 9 Meán Fómhar

Suíomh oifigiúil Londan 2012

Na Cluichí Paralimpeacha | Na buaicphointí i ngrianghraif

An bonn óir is deireanaí | Cónaidhm na Rúise | Gach bonn

Déan do shonóg féin!



Sceideal & Torthaí | Boinn | Spóirt | Lúthchleasaithe | Tíortha | Glac Páirt | Lucht Féachana | Nuacht | Grianghraif | Siopa | Ticéid | Na Cluichí Oilimpeacha

# Spóirt

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Boghdóireacht | Lúthchleasaíocht | Boccia | Rothaíocht Bóthair | Rothaíocht ar Raon | Eachaíocht |
| Sacar 5 an taobh | Sacar 7 an taobh | Goalball | Júdó | Tréantógáil Meáchan | Rámhaíocht |
| Seoltóireacht | Lámhach | Eitpheil i do Shuí | Snámh | Leadóg Bhoird | Cispheil Chathaoir Rothaí |
| Pionsóireacht Chathaoir Rothaí | Rugbaí Cathaoir Rothaí | Leadóg Cathaoir Rothaí | | | |

http://www.london2012.com/paralympics/sports/

## Míniú ar an Rangú

Gné ar leith de na spóirt Pharailimpeacha is ea an rangú a chinntíonn go mbíonn na comórtais cothrom. Tá a rialacha rangaithe féin ag gach spórt a leagann amach:

- Sainmhíniú ar na lúthchleasaithe atá i dteideal dul san iomaíocht i ngach ceann de na spóirt
- Grúpáil na lúthchleasaithe ina ranganna, de réir na teorann lena gcumas agus iad ag gníomhaíocht.

Cinntíonn seo gur ar bhonn scileanna, corpacmhainne, fuinnimh, seasmhachta, cumas beartaíochta agus díriú intinne a bhaintear bua amach – na tosca céanna is bonn leis an gcaoi a n-éiríonn le lúthchleasaithe nach bhfuil faoi mhíchumas sa spórt.




# Ní mór do gach páiste idir 6 agus 16 oideachas a fháil.

Más tuismitheoir nó caomhnóir* thú a bhfuil páiste idir 6 agus 16 agat, tá cuntas sa bhileog seo ar an ról speisialta atá agat lena chinntiú go bhfaigheann do pháiste an t-oideachas is dual dó nó di.

Tugtar eolas freisin ar an mBord Náisiúnta Leas Oideachais (NEWB), gníomhaireacht a bunaíodh le tacu le daoine freastal go rialta ar scoil agus le hoideachas páistí agus daoine óga.

Bunaíodh an Bord Náisiúnta Leas Oideachais faoin Acht Oideachais (Leas), 2000. An cúram atá orainn ná tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh agus a chinntiú go gcuirtear oideachas ar gach páiste mar a éilíonn an dlí. Is ar scoil a chuirtear oideachas ar fhormhór mór na bpáistí.

*Caomhnóir – duine a bhfuil an t-údarás dlíthiúil aige agus an dualgas dlíthiúil air aire a thabhairt do pháiste nó do mhionaoiseach.

**http://www.newb.ie/publications/parentdocumentation.asp**

# Fáilte Mhór roimh Droichead Trasteorann





Samhail ealaíontóra den chuma a bheadh ar droichead

**Cuireadh fáilte roimh chinneadh** an Aontais Eorpaigh maoiniú a chur ar fáil do dhroichead nua trasteorann a thógfar ag Caol Uisce idir Co. Lú agus Co. an Dúin.

€18.3 milliún a chosnóidh an tionscadal seo, beidh sé 660 méadar ar fad agus táthar ag súil go mbeidh sé réidh faoin mbliain 2015.

Cuirfidh Comhlacht na gClár Speisialta san Aontas Eorpach tuairim is €17.4 milliún ar fáil agus íocfaidh rialtas na hÉireann an chuid eile. Tá cead pleanála faighte don droichead cheana féin ar an dá thaobh den teorainn agus táthar ag súil leis go dtosófar á thógáil uair éigin in 2013.

D'fháiltigh Comhairle Contae Lú roimh an bhfógra agus dúirt an Bainisteoir Contae, Joan Martin go raibh 'sceitimíní' uirthi an scéal a chluinstin.

Droichead oscailteach a bheidh ann a ligfidh do longa arda, d'árthaí fóillíochta agus do shoithí muirí eile dul isteach go Loc Victoria agus Báisín Albert san Iúr.

Táthar ag súil leis go meallfaidh an droichead nua breis cuairteoirí go dtí réigiún Chuaille / Bheanna Boirche / Shliabh gCuilinn agus go mbeidh sé níos fusa do mhuintir na háite, don lucht gnó agus do thurasóirí taisteal sa cheantar.



**Curtha in oiriúint as an *Dundalk Leader* 31-10-12.**

Seirbhís Phríosúin na hÉireann
IRISH PRISON SERVICE




## Príosúin na hÉireann

Tá 14 institiúid i gCóras Príosúin na hÉireann ar a n-áirítear 11 institiúid thraidisiúnta nó príosúin atá "dúnta", dhá ionad "oscailte", agus ionad "leath oscailte" amháin a dtugtar an tAonad Oiliúna air.

Déileálann Seirbhís Phríosúin na hÉireann le ciontóirí fir os cionn 17 mbliana d'aois agus le ciontóirí mná atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn.

**Próifíl Aoise na bPríosúnach faoi choimeád agus faoi phianbhreith ar lá inchomparáide gach bliain**

**Próifíl Aoise na bPríosúnach faoi choimeád agus faoi phianbhreith ar 30 Samhain 2011**

| | Mná | Fir | Iomlán | % |
|---|---|---|---|---|
| 16 | - | 4 | 4 | 0.1 |
| 17 | - | 19 | 19 | 0.5 |
| 18 go < 21 | 2 | 264 | 266 | 7.2 |
| 21 go < 25 | 24 | 621 | 645 | 17.4 |
| 25 go < 30 | 33 | 835 | 868 | 23.5 |
| 30 go < 40 | 40 | 1,086 | 1,126 | 30.5 |
| 40 go < 50 | 19 | 489 | 508 | 13.7 |
| 50+ | 4 | 257 | 261 | 7.1 |
| Iomlán | 122 | 3,575 | 3,697 | |

## Seirbhís Phríosúin na hÉireann

Ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais atá freagracht pholaitiúil as Córas Príosúin na hÉireann. Feidhmíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann mar ghníomhaireacht laistigh den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá Ard-Stiúrthóir i gceannas ar an tseirbhís agus 6 Stiúrthóir ag tacú leis.

